AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
COM(2025) 408 final

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe i ndáil leis an mBreatain Mhór agus chun córais trádála astaíochtaí ceaptha teasa na Ríochta Aontaithe agus an Aontais a nascadh

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. 1. COMHTHÉACS AN MHOLTA

1.1. Forais agus cuspóirí an mholta

An 1 Feabhra 2020, tharraing Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe') siar as an Aontas Eorpach ('an tAontas') agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('Euratom'). Rialaítear an caidreamh le dhá chomhaontú:

– An Comhaontú um Tharraingt Siar[1]. Is dlúthchuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar é an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann – dá ngairtear Creat Windsor[2] anois.

– An Comhaontú Trádála agus Comhair[3].

An 19 Bealtaine 2025, thionóil an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe a gcéad chruinniú mullaigh agus ghlac siad Ráiteas Comhpháirteach, inar dearbhaíodh an gealltanas an Comhaontú um Tharraingt Siar a chur chun feidhme go hiomlán, go tráthúil agus go dílis, lena n-áirítear Creat Windsor, agus an Comhaontú Trádála agus Comhair. Ba dhíol sásaimh dóibh clár oibre athnuaite don chomhar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe – Comhthuiscint[4],, a comhaontaíodh idir an Ríocht Aontaithe agus an Coimisiún Eorpach.

Is de thoradh na gcainteanna tosaigh a bhí an Chomhthuiscint, agus leagtar amach inti an comhaontú polaitiúil maidir le sraith bunpharaiméadar don obair a dhéanfar amach anseo ar chomhaontuithe le haghaidh limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta agus ar nascadh na gcóras trádála astaíochtaí, agus meabhraítear inti an tráth céanna go rachadh an dá thaobh ar aghaidh go pras maidir leis na gealltanais sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na creataí dlíthiúla lena mbaineann.

(a) An Limistéar Coiteann Sláintíochta agus Fíteashláintíochta

Ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann, is dhá limistéar sláintíochta agus fíteashláintíochta ar leithligh iad an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, a bhfuil reachtaíocht agus beartais ar leithligh acu, cé is moite den Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, áit a bhfuil feidhm ag rialacha sláintíochta agus fíteashláintíochta an Aontais de bhua Chreat Windsor.

Tá rialacha maidir le *acquis* sláintíochta agus fíteashláintíochta an Aontais curtha i bhfeidhm aige, chomh maith leis an *acquis* ábhartha maidir le caighdeáin mhargaíochta agus ceanglais eile, lena n-áirítear forálacha maidir le deimhniú, rialuithe agus ceanglais shubstainteacha, nithe atá infheidhme maidir le gluaiseachtaí ó thríú tíortha/chuig tríú tíortha, i leith na Breataine Móire ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann. Áirítear ar na rialuithe sin go háirithe seiceálacha doiciméadacha, sainaitheantais agus fisiceacha chun a áirithiú go gcomhlíonann earraí

---

1 Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7) ('an Comhaontú um Tharraingt Siar').

2 Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, IO L 102, 17.4.2023, lch. 87.

3 An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lgh. 10–2539) ('An Comhaontú Trádála agus Comhair')

4 Clár oibre athnuaite don Chomhthuiscint idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/statement_25_1267

caighdeáin sláinte, sábháilteachta agus cáilíochta an Aontais. Chuir an Ríocht Aontaithe moill ar chur chun feidhme rialuithe teorann iomlána ar theacht isteach ón Aontas roinnt uaireanta. I mí Eanáir 2024, thosaigh sí ag cur bearta i bhfeidhm maidir le hallmhairí ón Aontas lena n-áirítear seiceálacha agus deimhniú sláintíochta agus fíteashláintíochta, réamhfhógra maidir le hallmhairí agus rialuithe doiciméadacha, céannachta agus fisiceacha ag an teorainn, chomh maith le táillí suntasacha cigireachta. Fógraíodh seiceálacha agus rialuithe breise freisin ach cuireadh moill bhreise orthu. Go háirithe, an 2 Meitheamh 2025, d'fhógair rialtas na Ríochta Aontaithe go gcuirfí siar rialuithe ar thorthaí agus glasraí meánriosca go dtí mí Eanáir 2027 i bhfianaise an ghealltanais a tugadh le linn Chruinniú Mullaigh an 19 Bealtaine 2025 idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. Ar an gcaoi chéanna, rinne an Ríocht Aontaithe tabhairt isteach ceanglas deimhniúcháin agus seiceálacha i ndáil le táirgí orgánacha agus caighdeáin mhargaíochta a chur siar go dtí an 1 Feabhra 2027.

D'éascódh limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trádáil táirgí atá faoi réir rialacha sláintíochta agus fíteashláintíochta nó faoi réir rialacha ábhartha eile a luaitear thuas. Is é an toradh a bheadh air sin go ndéanfaí formhór mór na ngluaiseachtaí ainmhithe, táirgí ainmhithe, plandaí agus táirgí plandaí idir an Bhreatain Mhór agus an tAontas gan na deimhnithe ná na rialuithe a bhfuil gá leo nó a bhfuil coinne leo faoi láthair. Bheadh uirthi a áirithiú nach gcuirfeadh sé isteach ar mhargadh inmheánach an Aontais ná ar a chur chuige cuimsitheach i leith rioscaí sláintíochta agus fíteashláintíochta chomh maith le caighdeáin bhia. Dá bhrí sin, bheadh ar an gcomhaontú ardleibhéal cosanta ar rioscaí sláintíochta agus fíteashláintíochta a áirithiú chomh maith le cosaint iomchuí do thomhaltóirí san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe.

(b) Córais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa na Ríochta Aontaithe agus an Aontais a nascadh

Ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann, tá córais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa ar leithligh á reáchtáil ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe, cé is moite den Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, ina bhfuil feidhm ag córas trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a mhéid a bhaineann sé le margaí mórdhíola leictreachais i gcomhréir le hAirteagal 9 de Chreat Windsor agus le hIarscríbhinn 4 a ghabhann leis.

Baineann go leor gnéithe deartha coiteanna le córais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais agus na Ríochta Aontaithe. Mar sin féin, thosaigh an dá chóras ag imeacht óna chéile ó 2021, mar shampla a mhéid a bhaineann lena raon feidhme (e.g. ó 2024 i leith cumhdaítear le córas trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais muiriompar intíre agus idirnáisiúnta agus tá raon feidhme níos mó aige maidir leis an eitlíocht idirnáisiúnta) agus leibhéal na lamháltas. Cuireann na héagsúlachtaí sin le praghsanna carbóin éagsúla san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe.

Ach córais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa na Ríochta Aontaithe agus an Aontais a nascadh, d'fhreastalófaí ar chuspóirí inbhuanaitheachta an dá pháirtí. Dhéanfadh sé cothrom iomaíochta idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a chur chun cinn agus laghdódh sé an riosca sceite carbóin. Ina theannta sin, mhéadódh sé deimhneacht maidir le praghasmhúnlú carbóin, mhéadódh sé leachtacht na margaí carbóin, agus chuirfeadh sé deireadh leis an ngá atá le sásraí coigeartaithe carbóin ar theorainneacha na bpáirtithe lena mbaineann a chur i bhfeidhm maidir le táirgí de thionscnamh an pháirtí eile.

1.2. Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

An Comhaontú Trádála agus Comhair

Tá forálacha sa Chomhaontú Trádála agus Comhair maidir le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta araon agus le trádáil astaíochtaí gás ceaptha teasa.

Maidir le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta, cuireann na forálacha sin le dhá limistéar sláintíochta agus fíteashláintíochta ar leith. Bunaithe ar an mbonn sin, leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, déantar foráil maidir le comhar chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe agus plandaí a chosaint; cuirtear le cur chun feidhme Chomhaontú EDT maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm; áirithítear nach gcruthaíonn bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta bacainní neamhriachtanacha ar thrádáil; cuirtear le trédhearcacht agus tuiscint níos fearr ar na bearta sin chun cinn; feabhsaítear an comhar sa chomhrac in aghaidh frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach, chun córais inbhuanaithe bia a chur chun cinn, chun leas ainmhithe a chosaint, agus maidir le deimhniú leictreonach; feabhsaítear an comhar sna heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha chun caighdeáin, treoirlínte agus moltaí idirnáisiúnta a fhorbairt maidir le sláinte ainmhithe, sábháilteacht bia agus sláinte plandaí; agus a gcur chun feidhme a chur chun cinn. Maidir le táirgí orgánacha, bunaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, go háirithe Iarscríbhinn 14 de, aitheantas frithpháirteach ar choibhéis rialacha orgánacha an Aontais agus na Ríochta Aontaithe.

Maidir leis an Ríocht Aontaithe a nascadh le trádáil astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais, foráiltear le hAirteagal 392(6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair go ndéanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe machnamh dáiríre ar a gcórais praghsála carbóin faoi seach a nascadh ar bhealach lena gcaomhnófar sláine na gcóras sin agus lena ndéanfar foráil maidir leis an bhféidearthacht a n-éifeachtacht a mhéadú.

Leis na comhaontuithe nua, ba cheart (i) ailíniú dinimiciúil le rialacha ábhartha uile an Aontais Eorpaigh a ráthú, (ii) léirmhíniú aonfhoirmeach a áirithiú, (iii) sásra um réiteach díospóidí le binse eadrána neamhspleách bunaithe ar an gComhaontú Trádála agus Comhair a áireamh ina mbeidh ról do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh mar an t-údarás deiridh le haghaidh gach ceiste maidir le dlí an Aontais; agus (iv) sásra láidir a áireamh chun comhlíonadh rialuithe an bhinse eadrána a áirithiú, mar shampla tríd an bhféidearthacht bearta iomchuí a ghlacadh chun leasanna an Aontais a chosaint agus tríd an bhféidearthacht tras-fhrithbheartú a dhéanamh idir na comhaontuithe nua agus idir na comhaontuithe sin agus na réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.

Ba cheart dóibh an méid seo a leanas a áirithiú: (i) go mbaintear úsáid iomchuí as struchtúir rialachais na gcomhaontuithe atá ann cheana, go háirithe an Comhaontú Trádála agus Comhair, agus (ii) go bhfuil feidhm ag clásal coimirce an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair (Airteagal 773 den Chomhaontú Trádála agus Comhair) maidir leis na comhaontuithe nua.

An Comhaontú um Tharraingt Siar lena n-áirítear Creat Windsor

Le Creat Windsor, déantar sraith de dhlí ábhartha an Aontais infheidhme go huathoibríoch maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, chun teorainn chrua ar oileán na hÉireann a sheachaint. Leanfaidh Creat Windsor d'fheidhm a bheith aige a mhéid a bhaineann leis na bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta agus leis an Margadh Leictreachais Aonair araon.

Dá bhrí sin, bheadh feidhm ag an dá chomhaontú atá beartaithe maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta agus maidir le córais astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, in éineacht le Creat Windsor agus gan dochar dó, mar a shonraítear thíos.

(a) Maidir le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta:

– Leanfadh *acquis* ábhartha an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann de bhua Chreat Windsor, agus go háirithe Airteagail 5(4) agus 13(1) agus (3) de arna léamh in éineacht leis na codanna ábhartha d'Iarscríbhinn 2;

– Leanfadh cur chun feidhme, cur i bhfeidhm, maoirseacht agus forfheidhmiú *acquis* an Aontais is infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann mar a leagtar amach in Airteagal 12 de Chreat Windsor d'fheidhm a bheith aige.

Tar éis comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta a thabhairt i gcrích agus fad a bheidh comhaontú den sórt sin á chomhlíonadh go hiomlán amháin, is é an rún atá ann a áirithiú go leathnófar tairbhí céanna an chomhaontaithe chuig na gnéithe sláintíochta agus fíteashláintíochta de ghluaiseachtaí earraí isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe, trí idirghníomhú an chomhaontaithe sin agus Chreat Windsor.

Chiallódh sé sin go ndéanfaí formhór mór na ngluaiseachtaí ainmhithe, táirgí ainmhithe, plandaí agus táirgí plandaí idir an Bhreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann gan na deimhnithe ná na rialuithe a bhfuil gá leo nó a bhfuil coinne leo faoi láthair. Ina theannta sin, bhainfí ceanglais amhail lipéadú 'ní don Aontas Eorpach' le haghaidh agraibhia mhiondíola ar leith toisc go mbeadh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe araon faoi réir na rialacha agus na gcaighdeán sláintíochta agus fíteashláintíochta céanna agus nach mbeadh ceann scríbe ná tomhaltas na n-earraí sin teoranta a thuilleadh do Thuaisceart Éireann gan gluaiseacht ar aghaidh isteach san Aontas.

Chuige sin, molfaidh an Coimisiún na nósanna imeachta is gá a thionscnamh chun na gníomhartha ábhartha de chuid an Aontais a bhaineann leis an gcomhaontú a bheidh ann amach anseo idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta a chur leis an iarscríbhinn ábhartha a ghabhann le Creat Windsor, chomh maith le leasuithe spriocdhírithe a chur síos ar reachtaíocht ábhartha an Aontais is infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Féadfar a áireamh sa chomhaontú sin i) eilimintí a bhaineann le tairbhí an chomhaontaithe a bheidh ann amach anseo a leathnú chuig gluaiseachtaí earraí idir an Bhreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann agus coimircí comhfhreagracha, agus ii) forálacha lena sonraítear na coinníollacha chun na héascuithe sláintíochta agus fíteashláintíochta atá ann cheana faoi Chreat Windsor a choinneáil ar bun go hiomlán nó go páirteach i gcás ina mbeidh sé úsáideach. Ní féidir ábhar na leasuithe sin, lena n-áirítear na bearta coimirce iomchuí, a bhunú go dtí go mbeidh an chaibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta tugtha chun críche, agus go mbeidh raon feidhme agus ábhar beacht an chomhaontaithe atá beartaithe ar eolas.

(b) A mhéid a bhaineann le córais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa na Ríochta Aontaithe agus an Aontais a nascadh:

An comhaontú chun córas trádála astaíochtaí an Aontais a nascadh le scéim trádála astaíochtaí na Ríochta Aontaithe, ba cheart feidhm a bheith aige maidir leis an Aontas agus leis an Ríocht Aontaithe. I ndáil le Tuaisceart Éireann maidir le margaí mórdhíola leictreachais, leanfaidh na socruithe dá bhforáiltear in Airteagal 9 de Chreat Windsor agus in Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis d'fheidhm a bheith acu.

1.3. Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Sochair a Bhaineann le Cothrom na Féinne

D'áiritheofaí leis an dá chomhaontú go mbeadh cothrom na Féinne i bhfeidhm d'oibreoirí san Aontas Eorpach agus sa Ríocht Aontaithe. Leis an gcomhaontú maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta, d'áiritheofaí caighdeáin choiteanna agus ailíniú rialála le rialacha an Aontais. I gcás trádáil astaíochtaí, leis an gcomhaontú chun córais trádála

astaíochtaí ceaptha teasa na Ríochta Aontaithe agus an Aontais a nascadh, d'áiritheofaí an uaillmhian maidir le dícharbónú chéanna ar a laghad, rud a laghdódh an riosca sceite carbóin agus saofa iomaíochta, ach freisin an raon feidhme céanna (seachas téamh aonair tithíochta) agus ailíniú rialála le rialacha ábhartha an Aontais.

An comhaontú chun córais trádála astaíochtaí ceaptha teasa na Ríochta Aontaithe agus an Aontais a nascadh, níor mhór dó na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2(6) de Rialachán (AE) 2023/956 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ('Rialachán SCCT') a chomhlíonadh. Mar thoradh air sin, a luaithe a bheidh an comhaontú i bhfeidhm, ní bheadh feidhm ag Rialachán SCCT maidir le hearraí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe. Ar an gcuma chéanna, ní chuirfeadh an Ríocht Aontaithe a SCCT féin i bhfeidhm maidir le hearraí de thionscnamh an Aontais.

Sochair Trádála Déthaobhacha

Leis an gcomhaontú maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta, d'éascófaí trádáil trí dheireadh a chur leis an ngá atá le deimhniú agus rialuithe córasacha teorann ar tháirgí agus ar chaighdeáin a chumhdaítear leis an gcomhaontú, agus ardchaighdeáin chosanta á gcoinneáil ar bun san am céanna do shláinte phoiblí, ainmhithe agus phlandaí chomh maith le caighdeáin bhia.

Inbhuanaitheacht agus Tairbhí don Aeráid

Tá córas trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais ina bhunchloch dá bheartas aeráide, atá ceaptha chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar bhealach costéifeachtach i raon gníomhaíochtaí. I gcomhréir leis an bprionsabal gurb é 'údar an truaillithe a íocfaidh as', socraíonn an córas trádála teorainn agus cuireann sé praghas carbóin ar astaíochtaí ó na hearnálacha fuinnimh agus tionsclaíochta, ón eitlíocht agus ón muiriompar, arb iad is cúis le thart ar 40 % d'astaíochtaí iomlána an Aontais. Úsáideann an córas fórsaí an mhargaidh chun an praghas carbóin a chinneadh, rud a chruthaíonn dreasachtaí chun astaíochtaí a laghdú sna háiteanna is costéifeachtaí é sin a dhéanamh. Múnlaíonn praghsanna carbóin an t-ioncam a infheistítear i ngníomhú ar son na haeráide agus in aistriú fuinnimh freisin.

Leis an gcomhaontú chun córais trádála astaíochtaí ceaptha teasa na Ríochta Aontaithe agus an Aontais a nascadh, chuirfí ar chumas an Aontais na tairbhí sin a ghiaráil i gcomhthéacs déthaobhach agus tacú le margadh idirnáisiúnta carbóin dea-fheidhmiúil a fhorbairt trí chórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh. Is sprioc fhadtéarmach de chuid an Aontais é sin, go háirithe mar bhealach chun cuspóirí aeráide faoi Chomhaontú Pháras a glacadh i mí na Nollag 2015 a bhaint amach.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

2.1. Bunús dlí don nós imeachta

Foráiltear le hAirteagal 218(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i gcás nach mbaineann an comhaontú atá beartaithe go heisiach ná go príomha leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, go gcuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais nó ceannaire fhoireann caibidlíochta an Aontais.

Foráiltear le hAirteagal 218(4) CFAE go bhféadfaidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí agus coiste speisialta a ainmniú chun dul i gcomhairle leis an idirbheartaí.

Molann an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe le haghaidh dhá chomhaontú idirnáisiúnta, ceann amháin a bhaineann le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta agus comhaontú eile a bhaineann le córais trádála astaíochtaí na Ríochta Aontaithe agus an Aontais a nascadh. Ainmneofar an Coimisiún mar idirbheartaí.

Is é Airteagal 218(3) agus (4) CFAE an bunús dlí nós imeachta atá leis an gcinneadh atá beartaithe tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an dá chomhaontú atá beartaithe.

2.2. Bunús Dlí substainteach

Baineann an togra seo le dhá chomhaontú éagsúla a chaibidliú a thiocfaidh faoi dhá bhunús dlí shubstainteacha éagsúla.

I gcomhréir le tuairim 1/94[5] agus tuairim 2/15[6] ó CBAE, is cuid den Chomhbheartas Tráchtála faoi Airteagal 207 CFAE iad comhaontuithe le tríú tíortha a bhaineann le cúrsaí sláintíochta agus fíteashláintíochta. Dá bhrí sin, ba cheart an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE a bheith ina bunús dlí substainteach le haghaidh comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta.

Comhaontú maidir le córais trádála astaíochtaí na Ríochta Aontaithe agus an Aontais a nascadh, tabharfar i gcrích é ar bhonn Airteagal 192(1) CFAE.

2.3. Inniúlacht an Aontais

Ós rud é go dtagann bunús dlí comhaontaithe maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta faoin gComhbheartas Tráchtála, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas an comhaontú sin a thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 3(1) CFAE.

Tá inniúlacht eisiach ag an Aontas freisin an comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le córais trádála astaíochtaí na Ríochta Aontaithe agus an Aontais a nascadh i gcomhréir le hAirteagal 3(2) CFAE.

2.4. Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

De réir Airteagal 5(3) CAE, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta maidir le réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas.

2.5. Rogha an idirbheartaí

Ós rud é nach gcumhdaíonn na comhaontuithe atá beartaithe ach ábhair seachas an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála, ní mór an Coimisiún a ainmniú mar an t-idirbheartaí de bhun Airteagal 218(3) CFAE.

2.6. Comhréireacht

Ní théann gníomhaíocht an Aontais thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais a bhaint amach maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta a chruthú agus córais trádála astaíochtaí na Ríochta Aontaithe agus an Aontais a nascadh.

---

5 Tuairim ón gCúirt an 15 Samhain 1994, tuairim 1/94, Tuarascálacha na Cúirte Eorpaí 1994 I-05267.

6 Tuairim ón gCúirt an 16 Bealtaine 2017, tuairim 2/15, *IO C 239, 24.7.2017, lgh. 3–3*

2.7. An rogha ionstraime

Cuirtear an Moladh sin le haghaidh cinneadh ón gComhairle isteach i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 d'Airteagal 218 CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údaródar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais. Féadfaidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí freisin. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa mholadh sin a bhaint amach.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Ní bhaineann le hábhar

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ba cheart forálacha a áireamh sna comhaontuithe chun a áirithiú go ndéanfaidh an Ríocht Aontaithe ranníocaíocht airgeadais chun tacú le hobair an Aontais sna réimsí beartais sin.

5. EILIMINTÍ EILE

5.1. Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an mholta

Leis an moladh sin, iarrann an Coimisiún Eorpach ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh údarú a thabhairt tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontuithe idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta a bhunú agus maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, an Coimisiún Eorpach a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais agus treoracha a chur faoi bhráid an idirbheartaí agus coistí a ainmniú nach mór an chaibidlíocht a dhéanamh i gcomhairle leo.

<u>Gnéithe coiteanna don dá chomhaontú:</u>

1. Ba cheart an dá chomhaontú a bheith gan dochar d'fheidhmiú cuí mhargadh inmheánach an Aontais agus dá chórais faoi seach.

2. Níor cheart do cheachtar den dá chomhaontú an ceart a thabhairt don Ríocht Aontaithe a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht an Aontais. Mar sin féin, ba cheart don Ríocht Aontaithe a bheith rannpháirteach ag céim luath sa phróiseas agus rannchuidiú go hiomchuí ina cáil mar thír nach ball den Aontas Eorpach í, le próiseas múnlaithe cinnteoireachta ghníomhartha dlí an Aontais Eorpaigh sna réimsí a chumhdaítear leis an oibleagáid ailíniú dinimiciúil a dhéanamh agus cur i bhfeidhm go comhuaineach. Ba cheart don Choimisiún Eorpach dul i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe go luath sa phróiseas ceaptha beartas. Ní chuimseofaí leis na cearta sin rannpháirtíocht in obair na Comhairle ná in obair a comhlachtaí ullmhúcháin.

3. Leis an dá chomhaontú, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hoibleagáid ar an Ríocht Aontaithe ailíniú dinimiciúil a dhéanamh le reachtaíocht ábhartha an Aontais. Ba cheart go n-áiritheofaí le prionsabal an ailínithe dhinimiciúil go ndéanfar rialacha comhionanna laistigh de raon feidhme an chomhaontaithe a chur i bhfeidhm go comhuaineach.

4. Ba cheart don dá chomhaontú léirmhíniú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais a áirithiú ar bhonn chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh; go

háirithe, ba cheart feidhm a bheith ag an léirmhíniú a thugtar do na rialacha is infheidhme laistigh den Aontas freisin i gcomhthéacs an chaidrimh idir na Páirtithe.

5. Ba cheart a áireamh sa dá chomhaontú sásraí éifeachtacha le haghaidh réiteach díospóidí lena mbaineann binse eadrána neamhspleách agus a áirithiú gurb í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an t-údarás deiridh le haghaidh gach ceiste maidir le dlí an Aontais Eorpaigh, le féidearthachtaí maidir le bearta iomchuí chun leasanna an Aontais a chosaint i gcás neamhchomhlíonadh na gcomhaontuithe.

6. Ba cheart go n-áiritheofaí leis na comhaontuithe go n-úsáidfear struchtúr coiste institiúideach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair chun na comhaontuithe nua a riar.

7. Ba cheart forálacha a áireamh sna comhaontuithe chun a áirithiú go mbeidh tras-fhrithbheartú idir na comhaontuithe nua agus na réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair fós indéanta mar a bheartaítear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair.

8. Ba cheart a áirithiú leis na comhaontuithe go mbeidh feidhm ag an gclásal maidir le Bearta Coimirce den Chomhaontú Trádála agus Comhair (Airteagal 773 den Chomhaontú Trádála agus Comhair).

9. Ba cheart don Ríocht Aontaithe ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh chun tacaíocht a thabhairt do na costais ábhartha a bhaineann le hobair an Aontais sna réimsí beartais sin.

<u>Na príomhghnéithe a bhaineann leis an gcomhaontú maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta:</u>

10. Leis an gcomhaontú atá beartaithe, ba cheart limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta a bhunú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i ndáil leis an mBreatain Mhór. Mar thoradh air sin, bhogfadh ainmhithe, plandaí, bia/táirgí beatha de thionscnamh ainmhíoch nó planda chomh maith le táirgí gaolmhara a chumhdaítear leis na rialacháin a áirítear i raon feidhme an chomhaontaithe, agus i ndáil le caighdeáin a chumhdaítear leis an gcomhaontú, idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i ndáil leis an mBreatain Mhór amhail is dá n-aistreofaí iad laistigh den Aontas.

11. Ba cheart go gcumhdófaí leis an raon feidhme rialacha sláintíochta, fíteashláintíochta, sábháilteachta bia agus cosanta tomhaltóirí ginearálta is infheidhme maidir le táirgeadh, dáileadh agus tomhaltas táirgí agraibhia, rialáil ainmhithe beo agus lotnaidicídí, na rialacha maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha chomh maith le caighdeáin mhargaíochta is infheidhme maidir le hearnálacha nó táirgí áirithe.

12. Ba cheart a áirithiú le prionsabal an ailínithe dhinimiciúil thuasluaite go gcuirfear rialacha comhionanna laistigh den raon feidhme sin i bhfeidhm maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil leis an mBreatain Mhór agus san Aontas chun limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta a chruthú. Sa bhreis ar an bprionsabal sin, bheadh ar an gcomhaontú foráil a dhéanamh maidir leis na rialacha sin uile a chur i bhfeidhm go comhuaineach maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil leis an mBreatain Mhór.

13. Ina theannta sin, ba cheart foráil a dhéanamh sa chomhaontú maidir le forálacha áirithe de dhlí an Aontais, lena n-áirítear bearta éigeandála agus na forálacha sin is infheidhme maidir le teacht isteach ainmhithe, plandaí, táirgí bia/beatha de

thionscnamh ainmhíoch nó planda chomh maith le táirgí gaolmhara, san Aontas ón gcuid eile den domhan, go mbeidh siad infheidhme láithreach maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil leis an mBreatain Mhór.

14. Leis an gcomhaontú, ba cheart na féidearthachtaí céanna a chur ar fáil don Ríocht Aontaithe gníomhaíocht spriocdhírithe a dhéanamh chun a bithshlándáil agus a sláinte phoiblí a chosaint agus a chuirtear ar fáil do na Ballstáit faoi dhlí an Aontais. Ina theannta sin, féadfar liosta gearr d'eisceachtaí teoranta ar phrionsabail an ailínithe dhinimiciúil agus an chur i bhfeidhm chomhuainigh a áireamh sa chomhaontú. Níor cheart eisceacht a chomhaontú ach amháin sna cásanna seo a leanas: (i) nach mbeidh cur i bhfeidhm caighdeán níos ísle sa Ríocht Aontaithe i ndáil leis an mBreatain Mhór mar thoradh air i gcomparáid leis na caighdeáin a leagtar síos i rialacha ábhartha an Aontais; (ii) ní fhéadfar é a agairt chun srian ná difear a dhéanamh ar aon bhealach diúltach eile do theacht isteach ainmhithe, plandaí agus earraí de thionscnamh an Aontais i gcríoch na Ríochta Aontaithe, ar ainmhithe, plandaí agus earraí iad a chomhlíonann dlí an Aontais; (iii) urramaítear leis an prionsabal nach féidir ach le hainmhithe, plandaí agus earraí a chomhlíonann dlí an Aontais teacht isteach san Aontas.

<u>Príomhghnéithe a bhaineann leis an gcomhaontú chun córais trádála astaíochtaí ceaptha teasa na Ríochta Aontaithe agus an Aontais a nascadh:</u>

15. Leis an gcomhaontú, ba cheart córais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais agus na Ríochta Aontaithe a nascadh le chéile, lena n-áiritheofar aitheantas frithpháirteach do lamháltais astaíochtaí.

16. Ba cheart a áirithiú leis an gcomhaontú nach gcuirfidh gach páirtí a shásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha i bhfeidhm maidir le hearraí allmhairithe de thionscnamh an pháirtí eile, ar choinníoll go gcomhlíonann sé reachtaíocht ábhartha an Aontais.

17. Ba cheart an méid seo a leanas, i measc nithe eile, a áireamh sna hearnálacha a thagann faoi raon feidhme an chomhaontaithe: giniúint leictreachais, giniúint teasa thionsclaíoch (gan téamh aonair tithe a áireamh), tionscal, muiriompar intíre agus idirnáisiúnta agus eitlíocht intíre agus idirnáisiúnta agus laistigh den raon feidhme sin, ba cheart ailíniú dinimiciúil na Ríochta Aontaithe le rialacha ábhartha an Aontais a áirithiú leis an gcomhaontú. Ba cheart foráil a dhéanamh sa chomhaontú maidir le nós imeachta chun liosta na n-earnálacha atá le cumhdach a leathnú a thuilleadh.

18. Leis an gcomhaontú, ba cheart ceangal a chur ar an Ríocht Aontaithe ailíniú dinimiciúil a dhéanamh leis an *acquis* ábhartha, go háirithe Treoir 2003/87/CE agus an reachtaíocht a dhíorthaítear aisti.

19. Ba cheart a áireamh freisin i raon feidhme an ailínithe dhinimiciúil forálacha uile chreat rialála agus maoirseachta airgeadais an Aontais is infheidhme maidir le trádáil lamháltas de chuid chóras trádála astaíochtaí an Aontais (CTA AE) agus díorthaigh de.

20. Ba cheart caidhp agus conair laghdaithe na Ríochta Aontaithe a shainiú sa chomhaontú, agus ba cheart iad a bheith ar a laghad chomh huaillmhianach céanna le caidhp an Aontais Eorpaigh agus leis an gconair laghdaithe a leanann an tAontas.

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe i ndáil leis an mBreatain Mhór agus chun córais trádála astaíochtaí ceaptha teasa na Ríochta Aontaithe agus an Aontais a nascadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) agus Airteagal 192(1) i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála agus Comhair')[7], tá feidhm aige ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann. Taobh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar')[8], is é is bunchloch don chaidreamh déthaobhach idir an tAontas Eorpach ('an tAontas') agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe').

(2) An 31 Nollaig 2020, nuair a tháinig deireadh leis an idirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar, scoir dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe, agus tháinig an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i bhfeidhm – prótacal dá ngairtear Creat Windsor[9] anois – ar dlúthchuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar é.

(3) Ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann, tá limistéir sláintíochta agus fíteashláintíochta an Aontais, ar thaobh amháin, agus na Ríochta Aontaithe, ar an taobh eile, scartha óna chéile, lena mbaineann reachtaíocht agus beartais ar leithligh. Mar sin féin, tá feidhm ag rialacha sláintíochta agus fíteashláintíochta an Aontais agus ag rialacha ábhartha eile maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann de bhua Chreat Windsor, lena n-áirítear, ar an gcaoi sin, Tuaisceart Éireann i limistéar sláintíochta agus fíteashláintíochta an Aontais.

(4) Ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann, tá córais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa ar leithligh á reáchtáil ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe, cé is moite den Ríocht

[7] (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10).

[8] (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

[9] Is é Creat Windsor an bealach nua lena ndéantar tagairt don Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, prótacal arna leasú le Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar, i gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe (IO L 102, 17.4.2023, lch. 87).

Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, i gcás ina bhfuil feidhm ag córas trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a mhéid a bhaineann sé le margaí mórdhíola leictreachais i gcomhréir le hAirteagal 9 de Chreat Windsor agus le hIarscríbhinn 4 a ghabhann leis.

(5) Ó thús an phróisis as ar tháinig tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, tá sé léirithe ag an Aontas go bhfuil sé sásta limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta a chruthú leis an Ríocht Aontaithe i ndáil leis an mBreatain Mhór, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha cearta.

(6) Foráiltear le hAirteagal 764 den Chomhaontú Trádála agus Comhair gur gné fhíor-riachtanach den chomhpháirtíocht arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair agus de chomhaontuithe forlíontacha amach anseo é an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide.

(7) De réir Airteagal 392(6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, déanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe machnamh dáiríre ar a gcórais praghsála carbóin faoi seach a nascadh ar bhealach lena gcaomhnófar sláine na gcóras sin agus lena ndéanfar foráil maidir leis an bhféidearthacht a n-éifeachtacht a mhéadú.

(8) Foráiltear le hAirteagal 25(1a) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] (‘Treoir 2003/87/CE’) maidir leis an bhféidearthacht comhaontuithe a thabhairt i gcrích le tríú tíortha maidir le haitheantas frithpháirteach lamháltas idir córais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa.

(9) Ceanglaítear le Treoir 2003/87/CE go mbeidh aon chóras trádála astaíochtaí tríú tír den sórt sin éigeantach agus bunaithe ar dhearbh-uasteorainneacha astaíochtaí. Tá na critéir sin á gcomhlíonadh faoi láthair ag córas trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa na Ríochta Aontaithe.

(10) De réir Airteagal 2(4) agus (6) de Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] (‘Rialachán SCCT’), níl feidhm ag Rialachán SCCT maidir le hearraí de thionscnamh tríú tíortha a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas leo lena nasctar go hiomlán córas trádála astaíochtaí an Aontais agus córas trádála astaíochtaí an tríú tír sin agus a chomhlíonann na coinníollacha ábhartha uile.

(11) Ag an gcruinniú mullaigh a bhí acu an 19 Bealtaine 2025, tháinig an Coimisiún Eorpach agus an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú maidir le comhthuiscint lena sainaithnítear gur príomhthosaíochtaí iad oibriú i dtreo limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta araon agus a gcórais trádála astaíochtaí a nascadh. Leagtar amach sa Chomhthuiscint freisin an comhaontú polaitiúil maidir le sraith bunpharaiméadar don obair a dhéanfar amach anseo ar chomhaontuithe maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta agus maidir le córais trádála astaíochtaí na Ríochta Aontaithe agus an Aontais a nascadh, agus an tráth céanna meabhraítear di go rachadh an dá thaobh ar aghaidh go pras maidir leis na gealltanais sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na creataí dlíthiúla faoi seach.

---

[10] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle, IO L 275, 25.10.2003, lgh. 32–46, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/2024-03-01

[11] Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, IO L 130, 16.5.2023, lgh. 52–104, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/956/oj

(12) Dá bhrí sin, ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn dhá chomhaontú ar leith a thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe: ceann amháin maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta agus ceann eile chun córais trádála astaíochtaí ceaptha teasa an Ríocht Aontaithe agus an Aontais a nascadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear leis seo don Choimisiún na nithe seo a leanas a chaibidil, thar ceann an Aontais, leis an Ríocht Aontaithe:

(a) comhaontú maidir le limistéar coiteann sláintíochta agus fíteashláintíochta idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i ndáil leis an mBreatain Mhór;

(b) comhaontú chun córais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais agus na Ríochta Aontaithe a nascadh.

Airteagal 2

Leagtar amach na treoracha caibidlíochta san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle le [ainm an choiste speisialta/na gcoistí speisialta le cur isteach ag an gComhairle].

Airteagal 4

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán